




Galway County  
Public  
Participation  
Network

Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí  
Chontae na Gaillimhe



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council

# *Gradaim Phobail an Chathaoirligh 2019: Eolais & Treoirlínte*



Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí ag Tacú le  
Pobail

This document is also available in English. See [www.galwaycountypoon.ie](http://www.galwaycountypoon.ie)

## Réamhrá

Ó Chathaoirleach  
Chontae na Gaillimhe

Thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe tá ríméad orm Gradaim Pobail an Chathaoirligh 2016 (Gradaim an Mhéara roimhe seo) a óstáil.

Tá gníomhaíocht sa phobal agus gníomhaíocht dheonach faoi bhláth i gContae na Gaillimhe agus tá sé tábhachtach go dtugtar aitheantas don mhéid seo agus go moltar é. Tá mé ríméadach go bhfuil mé ag obair leis an gComhairle ar na Gradaim seo agus tá mé ag tnúth leis na gradaim a bhronnadh ar na buaiteoirí ar an oíche.

*An Comh. Séan O'Tuairisg*  
Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe

## Céard iad Gradaim Pobail an Chathaoirligh?

Aithnítear agus ceiliúrtar leis na Gradaim an obair a dhéanann daoine aonair, grúpaí, eagraíochtaí agus scoileanna i gContae na Gaillimhe (gan an Chathair san áireamh) dá bpobail. Tá 9 de chatagóir Gradaim ann in iomláine. Tá ainmniúcháin do Ghradaim i ngach catagóir á lorg anois againn.

## Céard iad an 9 Catagóir?

### 1. Gradam Comhshaoil

Tugtar aitheantas sa gcatagóir seo do ghrúpaí nó scoileanna a d'oibrigh sna phobal chun an timpeallacht thart orthu a fheabhsú nó chun an tionchar a bhíonn acu ar an gcomhshaol a laghdú.

### 2. Gradam Spóirt

Sa gcatagóir seo, tugtar aitheantas do ghrúpaí nó scoileanna a dhírigh ar an líon daoine atá páirteach i spóirt a mhéadú.

### 3. Gradam Ealaíon agus Cultúir

Sa gcatagóir seo, tugtar aitheantas don obair atá déanta ag grúpaí chun cúrsaí ealaíon agus cultúir a spreagadh agus a chur chun cinn ina bpobal.

### 4. Gradam Foilseacháin Oidhreachta

Sa gcatagóir seo, tugtar aitheantas do na hiarrachtaí atá déanta ag grúpaí pobail chun taighde a dhéanamh ar oidhreacht a gceantair, chun í a thaifead agus chun í a chur chun cinn.

Le haghaidh foilseacháin Oidhreachta tabhair cóip chrua den fhoilseachán le do thoil.

### 5. Gradam don Rannchuidiú is Fearr san Oidhreacht

Sa gcatagóir seo, tugtar aitheantas do na hiarrachtaí atá déanta ag grúpaí pobail nó scoileanna maidir le hoidhreacht a gceantair.

### 6. Gradam don Rannchuidiú is Fearr sa Ghaeilge (Gaeltacht agus Galltacht)

Sa gcatagóir seo, tugtar aitheantas d'iarachtaí grúpaí pobail laistigh agus scoileanna don Ghaeltacht caomhnú, cur chun cinn nó méadú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge.

### 7. An Gradam um Ionchuimsiú Sóisialta

Tugtar aitheantas sa chatagóir seo do ghrúpaí pobail a fhéachann le hathrú a thabhairt chun cinn laistigh den phobal, chun caighdeán na beatha a fheabhsú & chun rannpháirteacht iomlán grúpaí atá imeallaithe & fágtha ar lár go sóisialta i saol an phobail a éascú. Bíonn tionchar mór ag na grúpaí seo ar an bpobal mar go dtéann siad i ngleic le fadhbanna sóisialta a mbíonn tionchar acu ar chaighdeán na beatha, mar shampla, *Daoine Scothaosta, Daoine faoi Mhíchumas, Mionlaigh Eitneacha, Imircigh, Daoine den Lucht Siúil, Mná, Fir, Daoine Óga, Daoine atá gan Dídean & iadsan atá ina gcónaí in áiteanna faoin Tuath atá Gearrtha amach ón bPobal.*

### 8. An Gradam Áiseanna Pobail

Is féidir le grúpaí a dhéanann bainistiú ar áiseanna pobail cur isteach ar an gcatagóir seo. Freastalaíonn áis pobail ar riachtanais shóisialta, chaitheamh aimsire, eacnamaíoch agus/nó chultúir an phobail. Is féidir áiseanna den chineál sin a úsáid ar mhaithe le réimse tionscnamh pobail. Ní mór don ghrúpa an tionchar dearfach a bhí ag an áis ar an bpobal áitiúil a léiriú.

### 9. Gradam Oibrí Deonach na Bliana

Tugtar aitheantas sa chatagóir seo don obair ollmhór a rinne oibrí deonach *aonair* ar son an phobail in 2017 & 2018. Is féidir le hoibrí deonach a bhfuil méid shuntasach déanta aige/aici chun ionadaíocht a dhéanamh ar a phobal/pobal cur isteach ar an gcatagóir seo. Ba chóir baint a bheith ag an Oibrí Deonach le hathrú dearfach a thabhairt chun cinn & gur chuir an té sin le saol an phobail trí cheannaireacht a ghlacadh ar shaincheist a bhain leis an bpobal & le tionscnaimh áitiúla a fhorbairt.

## Conas a dhéanaim Ainmniúchán?

1. Is í an fhoirm ainmniúcháin chéanna atá ann do gach catagóir.
2. Luaigh an catagóir a bhfuil ainmniúchán dhá dhéanamh ina leith ar an bhfoirm.
3. Déan ainmniúchán ar líne ar [www.galwaycountypn.ie/awards/](http://www.galwaycountypn.ie/awards/) ( brúigh an cnaipe don aistriúchán na hEireann ar an láithreán gréasáin) nó Seol ríomhphost chuig [awards@galwaycoco.ie](mailto:awards@galwaycoco.ie) chun foirm ainmniúcháin a fháil.
4. Léigh na ceisteanna go cúramach. Baineann Cuid A le eolas ar an duine nó grúpa atá á ainmniú. Baineann Cuid B le eolas ar an duine atá ag cur an t-ainmniúchán chun cinn.
5. Is féidir leat eolas breise nó grianghraif a chur leis ar líne. Má tá tú ag iarraidh faisnéis bhreise agus grianghraif a sheoladh ar ríomhphost, cuir i ndoiciméad Word nó i gcur i láthair PowerPoint iad agus déan comhad pdf dó. Bunófar an measúnú ar an eolas a thugtar ar an bhfoirm agus ar aon eolas breise a thugtar.
6. **4.00in, Dé hAoine, 10 Bealtaine 2019** an dáta deiridh le foirmeacha ainmniúcháin a bheith faighte.

## Céard a tharlaíonn ina dhiaidh sin?

1. Déanfar na Gradaim a mheas go neamhspleách tar éis an dáta deiridh.
2. Déanfar gearrliosta de chúig ainmní do gach catagóir agus roghnófar buaiteoir.
3. Tabharfar cuireadh do na hainmnithe ar an ngearrliosta chuig Searmanas Gradaim Pobail an Chathaoirligh i 30 Bealtaine nuair a fhógrófar na buaiteoirí agus nuair a bhronnfar a nGradaim agus an t-airgead a bhuafaidh siad orthu.

## Céard í an Duais?

Bronnfar Gradam Pobail an Chathaoirligh, gradam a coimisiúnaíodh go speisialta agus a rinne táirgeoir áitiúil ceardaíochta i nGaillimh de lámh, ar na buaiteoirí uile.

Lena chois sin, gheobhaidh buaiteoirí duais de €500 le húsáid dá gcuid oibre.

## An bhfuil aon Choinníollacha ag gabháil leis?

Beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

1. Tionólfar Gradaim Pobail an Chathaoirligh i 30 Bealtaine í hÓsán Cóta Connamara, Na Forbacha. Caithfidh na cúig ainmní ar an ngearrliosta freastal ar an ócáid, áit a bhfógrófar an buaiteoir ar an oíche. Cuirfear ainmnithe ar an ngearrliosta ar an eolas roimh ré.
2. Ní mór d'ainmnithe a bheith lonnaithe agus ag obair de ghnáth i gContae na Gaillimhe (gan an Chathair san áireamh).
3. Is féidir le grúpaí nó daoine aonair iad féin a ainmniú.
4. Caithfidh obair na n-ainmnithe uile a bheith ar bhonn "neamhbhrabúis" (ach amháin maidir le catagóir 1).
5. Ní chuirfear san áireamh ach ainmniúchán ar fhoirm ainmniúcháin oifigiúil a fhaightear roimh an dáta deiridh.
6. Is féidir ainmniúchán a dhéanamh ar línte ag [www.galwaycountypn.ie/awards/](http://www.galwaycountypn.ie/awards/) ( brúigh an cnaipe don aistriúchán na hEireann ar an láithreán gréasáin) nó trí ríomhphost a sheoladh chuig [awards@galwaycoco.ie](mailto:awards@galwaycoco.ie) chun foirm ainmniúcháin a fháil, í a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais.

### Má tá aon cheist agat, déan teagmháil le:

Denise Feeney,  
Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí,  
An tAonad Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail  
Comhairle Chontae na Gaillimhe,  
Cnoc na Radharc,  
Gaillimh.

Guthán: 087 9455722

R-phost: [awards@galwaycoco.ie](mailto:awards@galwaycoco.ie)

**Is é an spriocdháta chun ainmniúcháin a bheith curtha isteach ná: 4.00in Dé hAoine, 10 Bealtaine 2019.**